C/2025/675

28.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11858 – DEUTSCHE BÖRSE / LINDNER / DIGITAL VAULT SERVICES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/675)

1. An 21 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Deutsche Börse AG ('Deutsche Börse', an Ghearmáin),

— Lindner Beteiligungs GmbH ('Lindner', an Ghearmáin),

— Digital Vault Services GmbH ('DVS', an Ghearmáin), atá faoi rialú aonair Lindner faoi láthair.

Deutsche Börse agus Lindner rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar DVS.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí éagsúlaithe bonneagair margaidh caipitil é Deutsche Börse ag a bhfuil custaiméirí ar fud an domhain a bhfuil a tháirgí agus sheirbhísí ar fud shlabhra luacha iomlán na hearnála airgeadais. Is iad (i) Réitigh Bainistíochta Infheistíochta, (ii) Trádáil & Amp; Imréiteach, (iii) Seirbhísí Ciste, agus (iv) Seirbhísí Urrús a cheithre dheighleog ghnó. Trína ghnó Clearstream, cuireann Deutsche Börse bonneagar eisiúna agus iarthrádála ar fáil le haghaidh urrúis ó 60 margadh ar fud an domhain;

— Is soláthróir, monaróir agus soláthraí seirbhísí é Lindner le haghaidh an imchlúdaigh feistiúcháin inmheánaigh agus foirgneamh, seirbhísí foirgníochta, innealtóireachta agus inslithe. Tá sé gníomhach ar an leibhéal domhanda agus é dírithe ar an Eoraip, go háirithe an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, an Eilvéis agus an Ostair;

— Óstálann agus cuireann DVS réiteach bogearraí ar fáil chun ráthaíochtaí agus urraí a eisiúint go digiteach agus a choinneáil slán. Tá a gníomhaíochtaí gnó reatha dírithe den chuid is mó ar an nGearmáin agus ar thíortha áirithe eile — tíortha Eorpacha den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11858 – DEUTSCHE BÖRSE / LINDNER / DIGITAL VAULT SERVICES

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË